FINGAL
Age Friendly County

# Straitéis Aoisbhá Fhine Gall 2018-2023

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Brollach: Jim Glennon, Cathaoirleach, Comhaontas Aoisbhá Fhine Gall | 2 |
| Brollach: Paul Reid, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Fhine Gall | 3 |
| Réamhrá | 4 |
| Eolas faoi Chomhaontas Aoisbhá Fhine Gall | 5 |
| Struchtúr na Straitéise | 7 |
| Fine Gall Aoisbháúil i gComhthéacs | 8 |
| Fócas Straitéiseach 1 Timpeallachtaí Taobh Amuigh | 11 |
| Fócas Straitéiseach 2 Iompar | 15 |
| Fócas Straitéiseach 3 Tithíocht | 20 |
| Fócas Straitéiseach 4 Rannpháirtíocht Shóisialta | 25 |
| Fócas Straitéiseach 5 Meas agus Cuimsiú Sóisialta | 33 |
| Fócas Straitéiseach 6 Cumarsáid agus Faisnéis | 38 |
| Fócas Straitéiseach 7 Rannpháirtíocht Chathartha agus Fostaíocht | 43 |
| Fócas Straitéiseach 8 Tacaíocht Pobail agus Seirbhísí Sláinte | 50 |
| Buíochas | 56 |
| Faisnéis Teagmhála | 57 |

# Brollach

le Jim Glennon



Mar Chathaoirleach Chomhaontas Aoisbhá Fhine Gall, is mór an sásamh a thugann sé dom Straitéis Aoisbhá Fhine Gall 2018-2023 a chur i láthair. Cuid shárluachmhar iad Seanóirí dár sochaí, a bhronnann saibhreas eolais, gaois, taithí agus fuinneamh ar ár bpobail ar fud Fhine Gall.

Tá an straitéis seo mar thoradh ar chur chuige comhoibritheach, ina dtéitear i gcomhairle lenár seanóirí mar aon lenár bpríomhsholáthraithe seirbhíse ó na hearnálacha reachtúla, deonacha, poiblí agus príobháideacha. Dírímid ar fhreagairt inbhuanaithe a chruthú i leith na ndúshlán agus na ndeiseanna a bhaineann lenár ndéimeagrafaic athraitheach. Lorgaímid le barr feabhais a chur ar chaighdeán na beatha dár saoránaigh bhreacaosta trí ghlacadh le cur chuige ilghníomhaireachta i leith na dtionscnamh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a shainaithnítear sa straitéis seo agus sa phlean gníomhaíochta gaolmhar.

Ar deireadh, is mian liom an deis seo a ghlacadh chun rannchuidiú suntasach mo réamhtheachtaí, Nora Owen, a aithint a raibh páirt lárnach aici in obair an Chomhaontais a chur chun cinn agus í ina Cathaoirleach air ó 2012 go 2018. Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl, chomh maith, do chomhaltaí Chomhaontas Fhine Gall um Thacaíocht do Dhaoine Breacaosta don obair a rinne siad chun an straitéis seo a dhréachtú agus táim ag tnúth le hoibriú as lámh leo agus an fíor-dhifear a dhéanann siad do chaighdeán beatha ár seanóirí i bhFine Gall a thabhairt faoi deara.

**Jim Glennon**
Cathaoirleach
Comhaontas Aoisbhá Fhine Gall

# Brollach

le Paul Reid



Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, cuirim fáilte roimh fhoilsiú na straitéise seo a chuireann leis an rath a bhí ar Chomhaontas Aoisbhá Fhine Gall go dtí seo agus ina leagtar amach plean straitéiseach a chinntíonn go leanann Fine Gall le tabhairt faoi bhorradh mar Chontae a thacaíonn le daoine breacaosta.

Cruthaíonn treochtaí déimeagrafacha an ionchais mhéadaithe saoil agus méadú tuartha ar an líon saoránaigh bhreacaosta a chónaíonn sa phobal dúshláin agus tugann sé limistéir ina bhfuil deiseanna chun solais, chomh maith. Chun dul i ngleic leis na dúshláin agus deiseanna seo, tá freagracht ar gach comhpháirtí sa Chomhaontas Aoisbhá chun oibriú go comhoibritheach lena chinntiú go gcruthaítear timpeallacht chuimsitheach ar fud an chontae ina leanann daoine breacaosta le príomhról a bheith acu sa rogha áite a dhéanamh d'Fhine Gall le cónaí ann, le hoibriú ann, le cuairt a thabhairt air agus le gnó a dhéanamh ann.

De réir mar a théann daoine in aois, is mian leo bheith sláintiúil i gcónaí, braistint sábháilte, bheith neamhspleách, cónaí ina dtithe féin agus bheith mar chuid dá bpobail. Chun pobail inbhuanaithe a chruthú, tá orainn díriú ar fhreastal ar riachtanais ár saoránach i gcaitheamh a saolré iomláine, a chinntiú go gcuirtear timpeallacht thacúil ar fáil dóibh inar féidir leo leanúint ag fás agus ag cur leis an tsochaí.

Leagtar amach sa straitéis seo creat a bhuntacóidh le hobair an Chomhaontais ó 2018 go 2023. Cinntíonn sé, trí ghlacadh le cur chuige fadbhreathnaitheach comhoibritheach, go mbeidh ar chumas Fhine Gall na deiseanna a thapú agus na dúshláin a shárú atá amach romhainn gan stró.

**Paul Reid**
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Contae Fhine Gall

# Réamhrá

Cuirtear i Straitéis Aoisbhá Fhine Gall 2018-2023 leis an rath a bhí ar agus an méid a foghlaimíodh ón gcéad straitéis a foilsíodh in 2012. Bunaithe ar threoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (an EDS), bhí sé curtha ar an eolas ag Beartas Idirnáisiúnta, Beartas Náisiúnta agus comhairliúchán áitiúil. Gabhfaidh Plean Gníomhaíochta leis a dhéanfaidh monatóireacht ar dhul chun cinn agus a threoróidh obair Chomhaontas Aoisbhá Fhine Gall.

Tá na tosaíochtaí agus na gníomhartha a shainaithnítear sa straitéis seo dírithe ar thionscnaimh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta ar fud Fhine Gall agus buntacóidh siad le hobair Chomhaontas Aoisbhá ó 2018 go 2023.

Déanfaidh an Comhaontas an straitéis seo a athbhreithniú ag lárphointe a théarma cúig bliana agus déanfaidh an Comhaontas athbhreithniú bliantúil ar an bPlean Gníomhaíochta gaolmhar.

# Eolas faoi Chomhaontas Aoisbhá Fhine Gall

Is éard atá sa Chomhaontas Aoisbhá pearsanra sinsearach i measc gníomhaireachtaí ilearnála a ghlacann le ról ríthábhachtach i saol saoránach i gcaitheamh thréimhse a saoil.

Tá Comhaontas Aoisbhá Fhine Gall tiomanta, tríd an straitéis seo, do chur chuige comhoibritheach ilearnála a chur chun cinn a thacaíonn le hidirghabháil a chabhróidh go mór le feabhas a chur ar chaighdeán beatha an daonra reatha daoine breacaosta i bhFine Gall agus na glúine amach anseo.

**Is iad na comhaltaí:**

- Comhairle Contae Fhine Gall
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- An Garda Síochána
- Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir
- Beirt Ionadaithe Tofa de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall
- An tAonad Comhordaithe Iompair Naisc Áitiúil
- Fóram Seanóirí Fhine Gall (Comhairle na nDaoine Breacaosta) x3
- Aostacht agus Deiseanna



Cruinniú Choiste Chomhaontas Aoisbhá Fhine Gall 2018

# Fís

Áit iontach a dhéanamh d'Fhine Gall do sheanóirí le cónaí ann, áit ar féidir leo leanúint le taitneamh a bhaint as maireachtáil laistigh dá bpobail le dínit agus meas.

# Misean

Tá Comhaontas Aoisbhá Fhine Gall tiomanta do bharr feabhais a chur ar chaighdeán beatha daoine breacaosta i bhFine Gall, trí fhorbairt straitéiseach Fhine Gall a threorú agus a chomhordú mar chontae atá aoisbháúil, trí thionscnaimh aoisbháúla trasearnála a fhorbairt agus a mhaoirsiú.

# Luachanna

Tá obair Chomhaontas Aoisbhá Fhine Gall bunaithe ar na luachanna seo a leanas;

## Rannpháirtíocht

Leanfar le luach a léiriú ar agus tacú le glór daoine breacaosta i bhFine Gall trí bhaint agus rannpháirtíocht ghníomhach Fhóram Seanóirí Fhine Gall san obair faoina dtugann an Comhaontas seo.

## Cuimsiú

Trína aithint nach grúpa aonchineálach daoine breacaosta, cothaímid éagsúlacht daoine breacaosta i bhFine Gall agus cuirfimid cultúr uileghabhálachta chun cinn ar fud an chontae.


## Meas

Táimid tiomanta do bharr feabhais a chur ar chultúr measa dár seanóirí ar fud Fhine Gall.

## Struchtúr na Straitéise

Tá na spriocanna straitéiseacha a dtugtar cuntas orthu sa straitéis seo struchtúraithe timpeall ar ocht limistéar théamacha a shainaithníonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (2007) a rinne tionscadal Timpeallachtaí Aoisbháúla an EDS (AFEE) 2017 a mhéadú agus a chatagóiriú.

**3 Fhearann Straitéiseacha le 8 Limistéar Fócais Straitéisigh**



# Fine Gall Aoisbháúil i gComhthéacs

Tá Clár na gCathracha agus na gContaetha Aoisbháúla in Éirinn bunaithe ar thionscnamh Aoisbhá na hEagraíochta Domhanda Sláinte (an EDS) (an EDS 2005)[1]. Ó pheirspictíocht náisiúnta, mar aitheantas ar an ngá atá le tacú lenár sochaí atá ag dul in aois, bunaíodh Clár na gCathracha agus na gContaetha Aoisbháúla (AFCCP) in 2008 agus tá sé á thabhairt isteach ag Aoisbhá Éireann (ABÉ). Trí Dhearbhú Bhaile Átha Cliath um Chathracha agus Pobail Aoisbháúla a shíniú in 2011, tugadh tiomantas náisiúnta le fios do chathracha aoisbháúla fud fad na tíre.  Chuir Rialtais ina dhiaidh sin réimse beartas agus treoirlínte le chéile, an méid seo a leanas ina measc:

- Clár an Rialtais 2011-2016
- Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine 2012
- An Straitéis Náisiúnta Cúramóirí 2012
- I dTreo 2016; 2006-2015
- An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach 2013
- Éire Shláintiúil 2013-2025
- An Straitéis Náisiúnta Néaltraithe 2014
- Éisteacht le Daoine Breacaosta: Eispéiris le Seirbhísí Sláinte 2015
- Aosú Dearfach, an Tionscnamh um Aosú Sláintiúil agus Dearfach (HaPAI) 2016

1 Comhdháil Dhomhanda IAGG XVIII in Rio de Janeiro, 2005

# Fine Gall Aoisbháúil i gComhthéacs
ar lean


Tá daonra na hÉireann ag dul in aois; tá méadú ag teacht ar an gcomhréir dhaoine breacaosta a mhaireann saol níos faide agus níos sláintiúla. Tá i bhFine Gall, áfach, an daonra is óige agus is tapúla fás in Éirinn. Tá impleachtaí aige seo do sheanóirí reatha agus don mhéadú tuartha ar sheanóirí amach anseo.  Tá sé ríthábhachtach go bhfuil ar chumas Fhine Gall na deiseanna agus na dúshláin a thapú a chruthaíonn seo ar fud an Chontae, ar bhealach a léiríonn meas ar ár saoránaigh bhreacaosta.

Leagtar amach sa cháipéis seo an straitéis do Chomhaontas Aoisbhá Fhine Gall 2018-2023. Déantar doiciméadú ann ar limistéir ghníomhaíochta straitéisí agus sraith idirghabhála, a chuimsítear sa Phlean Gníomhaíochta, atá ar aon dul le beartas agus dea-chleachtas idirnáisiúnta agus náisiúnta. Chuir athbhreithniú ar chéad Straitéis Aoisbhá Fhine Gall 2012-2017, comhairliúchán le Seanóirí i bhFine Gall, comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara, comhaltaí den Chomhaontas agus torthaí taighde ón Tionscnamh um Aosú Sláintiúil agus Dearfach ina measc, eolas ar fáil dá forbairt[2].

Tá beartas an Rialtais sa limistéar dírithe ar "an tír is fearr le dul in aois inti" a dhéanamh d'Éirinn. Tugtar fíorú na físe seo faoi deara ar leibhéal áitiúil mar riachtanas le haghaidh straitéisí láidre ar féidir iad a chur i bhfeidhm sa mhullach ar ghlacadh agus tiomantas na gcomhpháirtithe go léir trína gComhaontais Aoisbhá lena dtacaíonn Aoisbhá Éireann - Ionad Seirbhísí Comhroinnte a chuirtear ar bun laistigh de Chomhairle Contae na Mí. Is léir an rath atá ar Chomhaontas Aoisbhá Fhine Gall go dtí seo sna héachtaí, a dtugtar roinnt díobh chun solais sa straitéis seo. Dírítear anois ar chur leis na héachtaí seo trí leanúint le cur chuige láidir comhoibritheach chun áit iontach a dhéanamh d'Fhine Gall le taitneamh a bhaint as an saol agus le dul in aois ann.

2 HaPAI Fhine Gall 2016 – ghlac breis agus 500 saoránach de chuid Fhine Gall ar aois 55 bliain agus ní ba shine páirt sa suirbhé seo a sholáthraíonn na sonraí is cuimsithí faoi sheanóirí i limistéar Fhine Gall ag tráth na clódóireachta.

# An Timpeallacht Fhisiciúil



# Fócas Straitéiseach
# 1. Timpeallachtaí Taobh Amuigh

Imríonn an timpeallacht taobh amuigh tionchar mór ar luaineacht, neamhspleáchas agus caighdeán beatha daoine breacaosta agus imríonn sé tionchar ar a gcumas chun 'aosú ina n-áit chónaithe'. Tá na Timpeallachtaí Taobh Amuigh (Spásanna agus Foirgnimh Taobh Amuigh, an EDS 2007) ar an gcéad cheann de thrí limistéar fócais a théann i ngleic le toise fhisiciúil phobal aoisbháúil.

Tá de chuspóir ag idirghabháil aoisbháúil a dhíríonn ar Thimpeallachtaí Taobh Amuigh an timpeallacht thógtha agus spásanna poiblí a phleanáil agus a dhearadh agus feasacht ar riachtanais, agus i gcomhairle le, daoine breacaosta agus a n-éagsúlacht a aithint agus meas a léiriú uirthi.

Díreoidh tionscnaimh a eascraíonn as an straitéis seo ar thimpeallachtaí aoisbháúla taobh amuigh a chruthú. Déanfar an tábhacht agus uileghabhálacht Prionsabail Uilíocha Dearaidh, dea-chleachtas a chothú i ndearadh aoisbháúil a chur chun cinn nuair a dhéantar iarfheisitú agus i dtionscadail nua dearaidh, agus tacófar, leis sin, le haosú san áit chónaithe.

Má dhéantar dearadh don óg, fágtar an t-aosta ar lár, ach má dhéantar dearadh don aosta, cuirtear gach duine san áireamh


**Glenn Millar,**
**Stiúrthóir Oideachais agus Taighde,**
**Institiúid Forbartha Uirbí Cheanada**

## Fócas Straitéiseach

# 1. Timpeallachtaí Taobh Amuigh

ar lean

**Staitisticí faoi Fhine Gall:**




Torthaí HaPAI Fhine Gall - Spásanna Taobh Amuigh

# Fócas Straitéiseach

# 1. Timpeallachtaí Taobh Amuigh

ar lean

**Sásamh le gnéithe den timpeallacht thógtha**
Thug ardleibhéal saoránach (84%) le fios go dtaitníonn sé leo maireachtáil ina bpobail i bhFine Gall, ach sainaithníodh roinnt limistéar óna dteastaíonn feabhas breise, áfach, an méid seo a leanas ina measc;

**Leithris inrochtana**
Bhí 67% de shaoránaigh bhreacaosta míshásta leis an bhfáil a bhí ar leithris inrochtana

**Suíochánra**
Bhí 55% míshásta le suíochánra leordhóthanach.

**Moilliú tráchta**
Bhí 30% míshásta leis an bhfáil a bhí ar nó le héifeachtacht na mbeart moillithe tráchta

**Cosáin agus pábhálacha**
Bhí 28% míshásta le caighdeán agus leanúnachas cosán agus pábhálacha.

**Aiseolas ar an gComhairliúchán Poiblí**

- Suíochánra a sholáthar i láithreacha oiriúnach i reiligí
- Breithniú a dhéanamh ar riachtanais daoine breacaosta nuair a roghnaítear láithreáin do threalamh spórtlainne do dhaoine fásta.
- Feabhas a chur ar shaincheisteanna inrochtaineachta sa ríocht phoiblí, ar nós; airdí arda colbha, easpa pábhálacha de chruth méise, spásanna páirceála cúnga agus bacainní ar nós araid rothaí sa bhealach ar chosáin.
- Is fearr atá saoránaigh bhreacaosta in ann na húdaráis a chur ar an eolas ar a riachtanais sa phobal

# Fócas Straitéiseach

# 1. Timpeallachtaí Taobh Amuigh

ar lean

**An Dul Chun Cinn go dtí seo: Príomh-Bhuaicphointí**

An Dámhachtain don Timpeallacht Náisiúnta Aoisbhá a bronnadh ar Bhaile Aoisbhá na Sceirí 2015

Tugadh faoi shuirbhéanna insiúlta i Sord, na Sceirí, Ospidéal Beaumont, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) agus Aerfort Bhaile Átha Cliath

Rinne an scéim athsholáthair soilse sráide LED ar fud na tíre feabhas a chur ar ghníomhaíocht agus sábháilteacht amhairc

Suiteáladh Spásanna Tonála (Trealamh Spórtlainne do Dhaoine Fásta) i spásanna caitheamh aimsire ar fud Fhine Gall

**Spriocanna Straitéiseacha**

**1.** An gá atá le freastal ar shaoránaigh bhreacaosta a chur chun cinn nuair a bhíonn foirgnimh agus timpeallachtaí taobh amuigh á ndearadh agus á gcothabháil.

**2.** A chinntiú go gcuireann eispéireas saoránach breacaosta den timpeallacht taobh amuigh i bhFine Gall eolas ar fáil do bheartas.

**3.** An Baile Aoisbhá a chur chun cinn.

## Fócas Straitéiseach

# 2. Iompar agus Luaineacht

Baineann páirt lárnach le tosca iompair agus luaineachta sa timpeallacht thógtha maidir le rannpháirtíocht ghníomhach saoránach breacaosta a éascú i ngníomhaíochtaí sóisialta agus cathartha, rochtain ar sheirbhísí agus gníomhaíochtaí sóisialta, pobail agus sláinte ina measc. Tá iompar agus luaineacht ar an dara ceann de na trí fhearann a dhíríonn ar an timpeallacht fhisiciúil a dhéanamh níos tacúla le saoránaigh bhreacaosta. Déanann an cleachtas reatha coincheap an Iompair a fhairsingiú, faoi mar a shainaithin an EDS (2007) le tairbhí tábhachtacha sláinte na luaineachta gníomhaí i measc daoine breacaosta a chur san áireamh; dul i ngleic le limistéir ghníomhaíochta coirp, ar nós siúil, chomh maith le limistéir ghaolmhara shábháilteachta ar bhóithre agus luaineachta sábháilte, iompar poiblí inrochtana agus inacmhainne ina measc; ar príomhthosca iad go léir a imríonn tionchar ar aosú gníomhach agus rannpháirtíoch.


Tá idirghabháil san fhearann seo dírithe ar sheirbhísí agus bonneagar iompair cuí sábháilte inrochtana a chur chun cinn a thacaíonn le maireachtáil ghníomhach do shaoránaigh. Is é an cuspóir a chur ar chumas saoránach chun a luaineacht agus neamhspleáchas a chothú de réir mar a imíonn siad in aois, a thacaíonn, dá bharr, lena rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach agus ar a léirítear luach ar fud a bpobal beo i bhFine Gall.

# Fócas Straitéiseach

## 2. Iompar agus Luaineacht

ar lean

### Staitisticí faoi Fhine Gall




Torthaí HaPAI Fhine Gall - Iompar

# Fócas Straitéiseach

## 2. Iompar agus Luaineacht

ar lean



**Iompar**

Níl fadhbanna rialta le hiompar ag 80% de dhaoine, ach bíonn fadhbanna ag 20% (duine as gach cúigear) an chuid is mó den am nó an t-am go léir agus is gnách go bhfuil siad 70 bliain d'aois agus níos sine

**Rátáil iompair phoiblí**

Bíonn deacracht ag duine as gach cúigear, amanna nó an chuid is mó den am, chun tascanna bunriachtanacha a dhéanamh mar gheall ar shaincheisteanna iompair.

Bhí deacracht ag 29% de dhaoine ag a raibh deacrachtaí siúil agus atá os cionn 70 bliain d'aois le hiompar agus b'ionann an figiúr seo agus 9% i measc daoine faoi 70 bliain d'aois.

Tugann 30% de na daoine os cionn 70 bliain d'aois nach dtiomáineann le fios go mbíonn deacrachtaí acu le hiompar. vB'ionann seo agus 11% i measc an aoisghrúpa níos óige

Bhí deacracht éigin nó deacracht mhór ag 7% de dhaoine teacht ar iompar poiblí (fad siúil 10-15 nóiméad óna dteach) agus bhí an figiúr ní b'airde ina measc siúd os cionn aois 70 bliain (18%).

**Trasrianta Coisithe**

Bhí 22% míshásta le huainiú trasrianta coisithe

Bhí 19% míshásta leis an líon trasrianta a chuirtear ar fáil.

# Fócas Straitéiseach

## 2. Iompar agus Luaineacht

ar lean

### Aiseolas ar Chomhairliúchán Poiblí

- Tá gá le Soláthraithe Iompair chun a gcórais a dhéanamh níos éasca lena n-úsáid. Mar shampla, níos mó ama a thabhairt d'úsáideoirí seirbhíse breacaosta chun suíochán a fháil sula ngluaiseann an fheithicil.
- Tá gá níos mó ann chun amchláir thraenach agus bhusanna a chomhordú.
- Riachtanais saoránach breacaosta maidir le láthair agus inrochtaineacht trasrianta ar bhóithre poiblí, raonta rothar, limistéir shuíochánra agus soilsiú a sholáthar ar bhealaí siúil anuas ar chomharthaíocht níos soiléire, agus pábhálacha atá dea-chothabháilte, saor ó bhacainn agus inrochtana.
- I measc na saincheisteanna a tugadh chun solais maidir le páirceáil, bhí costas iomarcach, easpa páirceála agus easpa spásanna oiriúnacha páirceála.
- Trasrianta coisithe a dhearadh ar bhealach chun cabhrú le daoine ar a bhfuil lagú amhairc
- A chinntiú go bhfreastalaíonn uainiú ar thrasrianta coisithe ar riachtanais daoine breacaosta
- Tá easpa ar leith iompair chuig agus ó thithe cúraim chónaithe do chairde agus do dhaoine muinteartha ar mian leo cuairt a thabhairt ar dhaoine (go háirithe céilí breacaosta nach bhfuil in ann tiomáint)
- Tá easpa iompair ar fáil go háitiúil dóibh siúd ar imill sráidbhailte beaga, go háirithe ar an gcósta, agus bíonn deacrachtaí mar thoradh air seo chun siopadóireacht agus seirbhísí bunriachtanacha a rochtain, cosúil leis an bpinsean a bhailiú.
- Thug daoine breacaosta le fios go bhfuil deacrachtaí ann go fóill chun teacht ar choinní ospidéil in ainneoin go bhfuil roinnt seirbhísí i bhfeidhm.

# Fócas Straitéiseach
## 2. Iompar agus Luaineacht
ar lean



**An Dul Chun Cinn go dtí seo: Príomh-Bhuaicphointís**

Bunaíodh Bealach Sláinte Fhine Gall, seirbhís iompair ó Dhoras go Doras ísealchostais atá go hiomlán inrochtana, a chuireann Vantastic ar fáil a iompraíonn daoine breacaosta chuig coinní sláinte agus ospidéil i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Is é Nasc Áitiúil (Local Link) an tAonad Comhordaithe Iompair anois a bhainistíonn iompar tuaithe i bhFine Gall, Lú agus an Mhí. In 2017/2018, bunaíodh ceithre bhealach iompair a sholáthraíonn 46 seirbhís a fhreastalaíonn ar Bhinn Éadair, Sord agus Baile Brigín

Déanann na seirbhísí seo Baile Gháire, an Seanbhaile, Baile Bachaille, an Aill, Steach Maoilín agus Cill Dhéagláin a cheangal

Cothabháil Bóithre – Cuireann Comhairle Contae Fhine Gall clár leanúnach de chothabháil agus feabhsúcháin ar siúl chun feabhas a chur ar nascacht, sábháilteacht agus naisc iompair

Clár Forleathan um Shábháilteacht ar Bhóithre, gníomhaíochtaí idirghlúine ina measc, cainteanna do ghrúpaí daoine breacaosta agus marsantacht sábháilteachta

**Spriocanna Straitéiseacha**

**4.** Chun comhoibriú le príomh-chomhpháirtithe in oibriú i dtreo réiteach comhordaithe iompair a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine breacaosta i bhFine Gall.

**5.** Feasacht a chur chun cinn ar bhearta um shábháilteacht ar bhóithre i measc seanóirí.

**6.** An tábhacht a chur chun cinn a bhaineann le coincheapa agus dea-chleachtas dearaidh aoisbháúil a chorprú nuair a bhíonn spásanna a bhaineann le hiompar á ndearadh

# Fócas Straitéiseach
# 3. Tithíocht

Is í tithíocht an tríú fearann de na trí fhócas a dhíríonn ar thoise fhisiciúil na dtimpeallachtaí aoisbháúla. Tá cosc na coireachta agus saincheisteanna sábháilteachta fite fuaite go dlúth le tithíocht. Is é an beartas chun tacú le daoine breacaosta maireachtáil le dínit agus neamhspleáchas ina dtithe agus pobail féin a fhad agus is féidir (I dTreo 2016). Is fearr le formhór na ndaoine fanacht ag maireachtáil ina dtithe féin de réir mar a imíonn siad in aois. Ní thacaíonn go leor tithe, áfach, ar chúiseanna éagsúla - droch-cháilíocht, dearadh míchuí nó mar gheall ar easpa tacaíochtaí dóthanacha pobalbhunaithe do dhaoine breacaosta - go leordhóthanach le daoine chun dul in aois go compordach ina bpobail.

Tá de chuspóir idirghabháil tithíochta tithíocht leordhóthanach, inrochtana, shábháilte agus inacmhainne a sholáthar; cantanam gan uaim de roghanna tithíochta; agus de thacaíocht le haosú a chur i bhfeidhm. Baintear seo amach trí idirghabháil a dhíríonn ar thithíocht reatha a iarfheistiú nó a mhionathrú anuas ar dhearadh stoc nua tithíochta a sheasfaidh an aimsir lena chinntiú gur mó a oireann siad do riachtanais saoránach breacaosta.

**An Dul Chun Cinn go dtí seo:**
**Príomh-Bhuaicphointí**

Tuarascáil chuimsitheach a chur le chéile ar Thithíocht do Dhaoine Breacaosta i bhFine Gall

Clár Déanta Cairde a bunaíodh sna Sceirí i gcomhoibriú le Crosscare

Déantar ionadaíocht do ghlór daoine breacaosta ag an gComhchoiste Póilíneachta

Chuir Comhpháirtíocht Ceantair Bhaile Bhlainséir agus Comhpháirtíocht Leader Fhine Gall Clár Cúraim agus Deisithe ar bun ar fud Fhine Gall i gcomhoibriú le Aoisghníomhaíocht Éireann.



Cúram agus Deisiú Fhine Gall i ngnímh

# Fócas Straitéiseach

## 3. Tithíocht

ar lean

### Torthaí HaPAI Fhine Gall - Tithíocht

**10%** AGED 70+
**6.8%** AGED 55-69

UNABLE TO KEEP HOUSE ADEQUATELY WARM

Includes:
Inability to keep house warm for financial reasons

**15%** AGED 70+
**20%** AGED 55-69

UPKEEP

Includes:
Difficulty carrying out the maintenance or upkeep yourself or with the cost of upkeep.

**17%** AGED 70+
**15%** AGED 55-69

Includes:
Shortage of space, home too big for current need, lack of indoor or downstairs flushing toilet, bath or shower and lack of outside space.

**9.8%** AGED 70+
**11%** AGED 55-69

CONDITIONS

Includes:
Rot in windows, door or floors, and damp or leak in walls or roof.

# Fócas Straitéiseach

## 3. Tithíocht

ar lean

### Roghanna tithíochta

- Dúirt 92% de dhaoine os cionn 70 bliain d'aois agus 85% de dhaoine 55-69 bliana d'aois gurbh fhearr leo a dteach reatha a oiriúnú seachas é a fhágáil.
- Bhí 80% diúltach i dtaobh bogadh go teach altranais

### Aiseolas ar Chomhairliúchán Poiblí


- Tháinig riachtanas chun solais le héagsúlacht níos fearr saghsanna tithíochta laistigh den stoc tithíochta
- Tugadh éileamh chun solais ar roghanna malartacha tithíochta laistigh de phobail a oireann do riachtanais daoine breacaosta.
- Cé go dtuigtear gur gá díriú ar thithíocht shóisialta nuair a chuirtear an ghéarchéim reatha easpa dídine san áireamh, braitheadh gur bheag breithniú ná díriú a rinneadh ar riachtanais iad siúd i dtithíocht phríobháideach.
- Chuir daoine breacaosta buarthaí méadaitheacha in iúl faoi Stáisiúin Ghardaí á ndúnadh agus thug siad le fios go raibh siad thíos le heaspa cúltacaíochta i gceantair inar dúnadh stáisiúin cheana féin.
- Sainaithníodh gur mhaith le daoine níos mó Gardaí pobail chun maireachtáil go sábháilte a éascú laistigh den phobal.
- Léiríodh buarthaí faoi easpa infheictheachta i measc Gardaí chun iompar frithshóisialta agus coireacht a dhíspreagadh.

**Spriocanna Straitéiseacha**

**7.** Chun oibriú go comhoibritheach chun riachtanais daoine breacaosta a chur chun cinn maidir le Tithíocht Aoisbháúil

**8.** Tacú le tionscnaimh shábháilteachta agus shlándála a chuireann feabhas ar chaighdeán beatha seanóirí

# An Timpeallacht Shóisialta



## Fócas Straitéiseach

# 4. Rannpháirtíocht Shóisialta

Tá ceangal láidir idir rannpháirtíocht shóisialta agus tacaíocht shóisialta agus dea-shláinte agus folláine i gcaitheamh an tsaoil. Trí thacú le saoránaigh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fóillíochta, sóisialta agus cultúrtha sa phobal, agus sa teaghlach, ceadaítear do shaoránaigh bhreacaosta leanúint lena n-inniúlacht a chleachtadh, taitneamh a bhaint as meas agus ómós, agus chun caidreamh tacúil agus lách a bhunú.  Toisc thábhachtach é i bhfeabhas a chur ar mheabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil a fheabhsú agus méadaíonn sé caighdeán na beatha.

Tá de chuspóir idirghabhála san fhearann seo deiseanna a chur chun cinn agus tacú le deiseanna a bhíonn ag daoine páirt a ghlacadh sa saol sóisialta agus dul i ngleic le huaigneas agus aonrú gan iarraidh. Díreoidh gníomhartha a thiocfaidh chun solais ar thimpeallachtaí tacúla a chruthú, a chothú agus a chur chun cinn a chuireann a chumasaíonn idirghníomhú sóisialta agus stíleanna maireachtála gníomhacha agus trí dheiseanna a sholáthar do ghníomhaíochtaí bríocha sóisialta a spreagann daoine breacaosta chun a dtithe a fhágáil agus líonraí sóisialta tacúla a chothú, agus meas a léiriú, i gcomhthráth, ar leibhéil rannpháirtíochta.

**An Dul Chun Cinn go dtí seo:**
**Príomh-Bhuaicphointí**

Réimse cláir ghníomhaíochta coirp a sholáthar go rathúil ag Aostacht agus Deiseanna ar fud an chontae, an méid seo a leanas ina measc; Sit Fit, Cothromaíocht Níos Fearr, Going Strong, Rolladh agus Babhláil, Pitseáil agus Caitheamh agus Céimeanna a Chur Díot agus Spaisteoireacht.

Chuir Aostacht agus Deiseanna clár FitLine ar siúl ó leabharlann Bhaile Brigín a spreagann daoine breacaosta chun éirí níos gníomhaí.

Baineadh leibhéil shuntasacha rannpháirtíochta agus idirchaidrimh amach i measc saoránaigh bhreacaosta i rith Chlár Cuimhneacháin 1916

# Fócas Straitéiseach

## 4. Rannpháirtíocht Shóisialta

ar lean

An Rath a bhí ar Thionscnamh Bhothán na bhFear. Glacann breis agus 200 fear páirt ghníomhach anois i mbreis agus 7 mBothán na bhFear, a dtacaíonn Comhairle Contae Fhine Gall agus Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire leo

Cuireann Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Fhine Gall réimse fairsing spásanna, seirbhísí, acmhainní agus imeachtaí cláreagraithe ar fáil dóibh siúd go léir a chónaíonn nó a oibríonn i bhFine Gall nó a thugann cuairt air, trína líonra deich leabharlann bhrainse agus an tseirbhís leabharlann taistil.

Rannpháirtíocht i bhFéile Bhliantúil na Bealtaine a cuireadh ar bun i mBealtaine a spreagann rannpháirtíocht ghníomhach daoine breacaosta sna healaíona agus a dhéanann sárthaispeántas dá dtallann agus cruthaitheacht.

Cuirtear maidineacha caife i mbrainsí leabharlainne ar bun le daoine breacaosta a spreagadh agus a éascú chun casadh agus idirghníomhú a dhéanamh le daoine eile.

Cuirtear deiseanna ar fáil i gClár Imeachtaí Bliantúla na Leabharlann do dhaoine breacaosta chun freastal ar dhaoine aonair a bhfuil an dearcadh céanna acu agus chun idirghníomhú le daoine eile.

Chuir Leabharlanna Fhine Gall sraith Clubanna Seandaoine Gníomhacha ar siúl, Ollscoil na 3ú hAoise, Grúpaí Scríbhneoireachta Cruthaithí, grúpaí Comhrá, Ciorcail Cheardaíochta agus Clubanna Leabhar ina measc.

Réimse éagsúil cothrom le dáta atá i mBailiúchán Leabharlann Fhine Gall d'ábhair atá mealltach do gach úsáideoir, na formáidí traidisiúnta clóite agus sraith ríomhsheirbhísí dea-fhorbartha ina measc. Tá réimse fairsing earraí ar fáil i ngach leabharlann bailiúchán mór clóite, irisleabhair agus nuachtáin; leabhair, ceol agus sraitheanna teanga ar dhlúthdhioscaí agus DVDanna; físeáin, DVDanna agus saothair ealaíne atáirgthe ina measc.

# Fócas Straitéiseach

## 4. Rannpháirtíocht Shóisialta

ar lean



**Tomhais ar Rath – Ár leabharlanna a thagarmharcáil ar sheicliosta Idirnáisiúnta an EDS:**

| | |
|---|---|
| **Seicliosta de ghnéithe bunriachtanacha chathracha aoisbháúla an EDS** | Rannóg leabharlann Chomhairle Contae Fhine Gall.<br>An ról sa soláthar seirbhíse do dhaoine breacaosta |
| **Cuirtear imeachtaí ar siúl ag amanna atá áisiúil do dhaoine breacaosta** | Cuirtear imeachtaí ar siúl ag amanna éagsúla an lae agus an tráthnóna i ngach brainse leabharlainne |
| **Is féidir freastal ar ghníomhaíochtaí ar bhonn aonair nó le compánach** | Ní bhíonn áiteanna teoranta ach le spás sna leabharlanna |
| **Tá gníomhaíochtaí inacmhainne agus ní ghearrtar aon chostais cheilte** | Tá gach gníomhaíocht leabharlainne saor in aisce agus ar oscailt do gach duine |
| **Cuirtear faisnéis mhaith faoi ghníomhaíochtaí agus cuirtear inrochtaineacht saoráidí ar fáil** | Cuirtear faisnéis ar fáil trí Aip Leabharlann, póstaeir, liostaí seoltaí, agus láithreáin ghréasáin Fhine Gall.<br>Tá gach leabharlann go hiomlán inrochtana. |
| **Téann eagraíochtaí poiblí i gcomhairle go rialta le daoine breacaosta** | Scaiptear foirmeacha aiseolais go rialta ag imeachtaí Leabharlainne.<br>Déanann Leabharlann na Sceirí idirchaidreamh go díreach leis an bhFóram Aoisbhá do Sheanóirí (Comhairle na nDaoine Breacaosta) |

## Fócas Straitéiseach

# 4. Rannpháirtíocht Shóisialta


ar lean

| | |
|---|---|
| **Aithníonn an pobal daoine breacaosta don am atá caite, anuas ar an am i láthair** | Bhí páirt lárnach ag daoine breacaosta maidir le Clár Comórtha Céad Bliain Fhine Gall, inar cuimsíodh réimse fairsing imeachtaí leabharlainne / staire áitiúla |
| **Cuirtear daoine breacaosta san áireamh go sonrach in imeachtaí do theaghlaigh** | Díríonn go leor imeachtaí leabharlainne ar lucht freastail idirghlúine |
| **Scaiptear faisnéis go rialta** | Trí na mheáin éagsúla - Aip Leabharlainne, bullaitíní Míosúla, póstaeir, cainéil mheán sóisialta, láithreáin ghréasáin, Seirbhís Gearrtheachtaireachtaí, scaipeadh ríomhphost agus Foláirimh Fhine Gall. |
| **Rochtain fhorleathan phoiblí ar an idirlíon ar chostas íosta nó costas ar bith** | Tá rochtain saor in aisce ar an idirlíon ar fáil do gach ceann dár ndeich bpointe seirbhíse |
| **Cuireann seirbhísí poiblí cumarsáid aghaidh ar aghaidh ar fáil** | Tá foireann ghairmiúil, chairdiúil agus éifeachtúil túslíne i ngach pointe seirbhíse |
| **Cuirtear réimse fairsing gníomhaíochtaí agus imeachtaí ar fáil** | Cuirtear gníomhaíochtaí ar fáil i leabharlanna brainse Fhine Gall, clubanna leabhar, cúrsaí ríomhaireachta, grúpaí cniotála, maidineacha caife, cóiriú bláthanna, ranganna ealaíne agus teanga ina measc. Cuirtear iad go léir ar fáil do réimse aoisghrúpaí. |

# Fócas Straitéiseach
# 4. Rannpháirtíocht Shóisialta
ar lean

| | |
|---|---|
| **Tá for-rochtana chomhsheasmhach ann chun daoine a chur san áireamh atá i mbaol eisiamh sóisialta** | Cuirtear gníomhaíochtaí agus imeachtaí ar siúl an bhliain go léir ar leibhéal líonra brainsí. Bíonn na himeachtaí seo ar oscailt do gach duine agus bíonn siad saor in aisce. |
| **Bíonn litreoireacht mhór ar fhaisnéis chlóite agus taispeántar na príomhphointí trí theidil shoiléire agus faoi chló trom** | Déanfaidh an rannóg leabharlann athbhreithniú ar ár mbróisiúir chlóite ag féachaint le feabhas a chur ar a inléiteacht |
| **Úsáideann ábhar clóite agus cumarsáid labhartha friotal simplí neamhchasta.** | Tugann leabharlanna Contae Fhine Gall faoi fhriotal neamhchasta agus simplí a úsáid ina gcumarsáid go léir. |

**Staitisticí faoi Fhine Gall:**



# 4. Rannpháirtíocht Shóisialta

ar lean

**Torthaí HaPAI Fhine Gall - Rannpháirtíocht Shóisialta**

- Bíonn daoine sásta, go ginearálta, lena ndeiseanna chun tabhairt faoi rannpháirtíocht shóisialta - casann 94% de dhaoine os cionn aois 55 bliain le cairde, gaolta nó comhghleacaithe ar a laghad uair sa mhí agus casann 67% díobh leo ar a laghad gach seachtain.
- Ní dhéanann ach 6% sóisialú níos lú ná uair sa mhí (nó riamh), agus is lú seo ná i gcontaetha eile (9%).
- Is airde atá rannpháirtíocht shóisialta i bhFine Gall ná an meán náisiúnta - glacann 54% de dhaoine páirt i ngrúpa pobail ar a laghad uair sa mhí agus glacann 23% díobh páirt go seachtainiúil.
- I bhFine Gall, braitheann 2.4% de dhaoine uaigneach go minic agus braitheann 25.5% díobh uaigneach cuid den am, a thugann le fios go mbraitheann beagnach triúr as gach deichniúr uaigneas de chineál nó saghas éigin.
- Deir 25% díobh nach spéis ar bith leo freastal ar ghníomhaíochtaí sóisialta (gan aird ar an méid atá ar fáil) i gcomparáid le 22% in áiteanna eile agus is airde seo i measc daoine 55-69 bliain d'aois (28%) - agus is ionann é agus 27% in áiteanna eile.

**Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Oideachais**

- Bhí íseal-leibhéal rannpháirtíochta i bhFine Gall i dtaobh oiliúint fhoirmiúil (1.8%) ach bhí líonta ní b'airde bainteach in oideachas neamhfhoirmiúil - 14% agus ghlac 10% de dhaoine i gcontaetha eile páirt in oideachas neamhfhoirmiúil
- Dúirt 76% de dhaoine nach raibh aon bhacainní roimh rannpháirtíocht san oideachas – bhí seo beagán ní b'airde i measc daoine os cionn 70 bliain d'aois (79%).
- Thug beagán ní ba mhó fear le fios nach raibh aon bhacainní rompu (80%) i gcomparáid le mná (72)



# 4. Rannpháirtíocht Shóisialta

ar lean

### Aiseolas ar chomhairliúchán poiblí

- Sainaithníodh cruinnithe, imeachtaí agus gníomhaíochtaí sóisialta mar mhodh maith chun daoine breacaosta a spreagadh an teach a fhágáil. Déanann gníomhaíochtaí suimeanna a fhairsingiú agus aigní a spreagadh agus cabhraíonn siad le cairdeas nua a chruthú.
- Bíonn roinnt mhaith deiseanna ann i bhFine Gall chun tabhairt faoi Rannpháirtíocht Shóisialta, ach in ainneoin dul chun cinn iontach, áfach, féadfaidh bacainní a bheith rompu siúd, ach go háirithe, atá aonraithe nó uaigneach, ar nós easpa iompair, easpa faisnéise agus costais
- Bíonn dúshláin roimh ghrúpaí pobail agus sóisialta nuair a bhíonn cruinnithe, tionóil agus imeachtaí á gcur ar siúl, ar nós na gcostas a bhíonn ar sheomra a fhruiliú agus ar iompar go dtí agus abhaile ó imeachtaí.

**Spriocanna Straitéiseacha**

**9.** Leanúint chun tacú le tionscnaimh reatha agus nua shóisialta, chultúrtha, oideachais agus spóirt a chuireann seanóirí san áireamh

## Fócas Straitéiseach

# 5. Cuimsiú Sóisialta agus Neamh-Idirdhealú

Tá cuimsiú sóisialta agus neamh-idirdhealú ar an dara ceann de na trí fhearann a théann i ngleic le toise shóisialta phobal aoisbháúil.[3] Nuair a chuirtear daoine breacaosta san áireamh sa tsochaí i dtaobh cúrsaí sóisialta de, bíonn teacht acu ar acmhainní sóisialta, pearsanta, cultúrtha, geilleagracha, polaitiúla agus sochaíocha ar féidir leo leas a bhaint astu i rith an ghnáthshaoil laethúil agus ar féidir leo a n-athléimneacht a mhéadú i rith drocheachtraí saoil, strusairí timpeallachta agus drochshláinte ina measc (AFEE 2017).

Baineann ríthábhacht le timpeallacht neamh-idirdhealaithe agus mheasa i bhFine Gall chun an áit atá tuilte i gceart ag an duine breacaosta sa tsochaí a choimeád. Is iomaí cineál a bhíonn ag idirdhealú in aghaidh seanóirí, ar leibhéal aonair nó grúpa, “meonta dochracha, cleachtais idirdhealaitheacha, nó beartais agus cleachtais institiúide a bhuanaíonn creidimh steiréitipiciúla” (an EDS, 2015, 226) ina measc. Nuair a bhíonn daoine breacaosta thíos le hidirdhealú, is minic go gcuireann sé cosc ar an teacht a bhíonn acu ar sheirbhísí, cruthaíonn sé deacrachtaí dóibh chun a lánchumas a bhaint amach agus imríonn sé drochthionchar ar an eispéireas a bhíonn acu den tsochaí agus an méid a chuireann sé leis an tsochaí.

Trína aithint nach grúpa aonchineálach iad saoránaigh bhreacaosta, tá de chuspóir ag idirghabháil san fhearann seo timpeallachtaí a chruthú atá ina n-áiteanna atá cuimsitheach i dtaobh cúrsaí sóisialta, áit a léirítear meas ar gach saoránach – gan aird ar aois, inscne, suíomh sóisialta, sláinte nó míchumas – agus áit a mbíonn comhdheiseanna acu go léir chun páirt a ghlacadh agus rannchuidiú. Is minic go ndíríonn Cuimsiú Sóisialta agus idirdhealú neamh-idirghabhála orthu siúd is mó atá i mbaol drochshláinte agus eisiaimh, agus na riachtanais ar leith agus á dtuiscint agus caighdeán na beatha do chách á gcur chun cinn.

3 Comhfhreagraíonn Cuimsiú Sóisialta agus Neamh-Idirdhealú d’fhearann an mheasa agus an chuimsithe shóisialta i dTreoir an EDS (2007)

# Fócas Straitéiseach
## 5. Cuimsiú Sóisialta agus Neamh-Idirdhealú
ar lean

**An Dul Chun Cinn go dtí seo: Príomh-Bhuaicphointí**

Ról ríthábhachtach a bhí i bhfealsúnacht na hAoisbhá a leabú agus feasacht a mhúscailt ar na dúshláin a chruthóidh an t-athrú ar dhaonra seo de chuid Fhóram Seanóirí Fhine Gall agus d'fháiltigh príomhchomhaltaí an chomhaontais roimhe.

Léirítear fís na hAoisbhá i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall, Plean Forbartha Contae Fhine Gall, Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall anuas ar phleananna seirbhíse chomhaltaí an Chomhaontais.

Trí obair chéimnitheach Fhóram Seanóirí Fhine Gall, bhí glór ag seanóirí, a rinne ionadaíocht don éagsúlacht arb ann di i bhFine Gall, ag an tábla straitéiseach agus bhí ról díreach aige nuair a bhíonn seirbhísí á gcomhdhearadh agus nuair a bhí torthaí á soláthar. Tá baint ag comhaltaí ón gcomhairle i ngach tionscadal/ clár nó limistéar cuir i bhfeidhm a rinne dul chun cinn ó sheoladh na straitéise.

Glaochártaí – cárta ina dtugtar cuntas ar obair chomhairle na ndaoine breacaosta i bhFine Gall a scaipeadh go forleathan ar fud an chontae le faisnéis a chur a fáil agus le feasacht a mhúscailt ar fheidhmeanna na Comhairle agus le rannpháirtíocht a spreagadh. Thacaigh Aostacht agus Deiseanna leis an obair

Cruthaíodh naisc shuntasacha leis na hionadaithe polaitiúla ar leibhéal áitiúil. Áirítear leis an gComhaontas beirt chomhaltaí tofa ó Chomhairle Contae Fhine Gall. Ar an gcuma chéanna, cuirtear ionadaíocht pholaitiúil san áireamh san fhoghrúpa Tithíochta

D'óstáil Fóram Seanóirí Fhine Gall, i gcomhar le Comhaontas Aoisbhá Fhine Gall agus Comhairle Contae Fhine Gall Coinbhinsiún Náisiúnta 2016 na gComhairlí Daoine Breacaosta.

## Fócas Straitéiseach

# 5. Cuimsiú Sóisialta agus Neamh-Idirdhealú

ar lean

**Torthaí HaPAI Fhine Gall:**



# Fócas Straitéiseach

# 5. Cuimsiú Sóisialta agus Neamh-Idirdhealú

ar lean

- Thug 17% de dhaoine i bhFine Gall le fios gur thug siad meonta nó iompar diúltach faoi deara mar gheall ar a n-aois. I limistéir eile, thug 13% de rannpháirtithe (breis agus duine as gach deichniúr) le fios gur thug siad meonta nó iompar diúltach faoi deara mar gheall ar a n-aois.
- Ba iad na foinsí ba choitianta de mheonta agus iompar diúltach daoine san earnáil airgeadais, daoine san earnáil sláinte, agus daoine óga

### Aiseolas ar chomhairliúchán poiblí

- Ní bhíonn cur amach i gcónaí ag an bhfoireann túslíne agus ag soláthraithe seirbhíse eile ar na dúshláin a bhíonn roimh dhaoine breacaosta nuair a dhéanann siad iarracht chun faisnéis a fhail nó a riachtanais a chur in iúl
- Bealach maith iad cláir idirghlúine chun meas a chur chun cinn agus an ghlúin níos óige a cheadú chun eolas agus scileanna a roinnt
- Tá an tseirbhís leabharlainne an-chuimsitheach i leith daoine breacaosta agus ba cheart leanúint le tacú leo
- Buairt i measc seanóirí maidir le himpleachtaí dhúnadh na bpríomhsheirbhísí áitiúla, ar nós stáisiúin Ghardaí, oifigí poist, banc agus eile
- Leagtar an iomarca béime ar sheirbhísí ar líne ar féidir leo daoine breacaosta a eisiamh nach bhfuil inniúil ar chúrsaí TF. Teastaíonn rochtain áitiúil ó dhaoine breacaosta.

**Sprioc Straitéiseach**

**10.** Tionscnaimh a fhorbairt a chuireann uileghabhálacht chun cinn agus a dhéanann aoiseachas a chomhrac i leith Seanóirí.



## Fócas Straitéiseach

# 6. Rannpháirtíocht Chathartha agus Fostaíocht

Tá tacú le rannpháirtíocht chathartha agus fostaíocht ar an bhfearann deiridh a théann i ngleic le toise shóisialta phobal aoisbháúil. Cuireann pobal atá aoisbháúil roghanna agus tacaíocht ar fáil do dhaoine breacaosta chun leanúint ag cur lena bpobail, trí fhostaíocht íoctha nó obair dheonach má roghnaíonn siad amhlaidh, agus a bheith bainteach sa saol cathartha.

Tá de chuspóir idirghabhála san fhearann seo acmhainneacht sochaithe atá ag dul in aois a uasmhéadú trí dheiseanna bríocha a chruthú do dhaoine breacaosta chun páirt a ghlacadh sa saol geilleagrach agus poiblí agus chun fostaíocht, rannpháirtíocht shóisialta agus deiseanna chun oibriú go deonach a mhéadú.

**An Dul Chun Cinn go dtí seo: Príomh-Bhuaicphointí**

Chuir Comhairle Contae Fhine comhdháil idirnáisiúnta 2016 ar bun “An Acmhainneacht a Mhéadú do Thimpeallachtaí Aoisbháúla san Eoraip”, a sholáthair ardán tábhachtach chun sárthaispeántas a dhéanamh d’éachtaí Fhine Gall ar leibhéal domhanda agus a cheadaigh toscaireacht idirnáisiúnta chun eolas a líonrú, naisc a chruthú agus eolas a aistriú.

Ghlac a mhéid le 100 duine breacaosta páirt sa Chlár Aclaíocht Sláinte agus Folláine le tacaíocht ó Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir, Comhairle Contae Fhine Gall agus an Soláthraí Iompair Áitiúil Nifti. Áiríodh leis an gclár idirghlúine seo daoine breacaosta á múineadh ag mic léinn conas úsáid ghníomhach a bhaint as trealamh spórtlainne do dhaoine fásta i limistéir chaitheamh aimsire

Is éard a bhaineann le Clár Gnó Aoisbhá na Sceirí ná rannpháirtíocht breis agus 30 gnólacht agus soláthraí seirbhísí

## Fócas Straitéiseach


# 6. Rannpháirtíocht Chathartha agus Fostaíocht

ar lean

Chuir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an chéad chomhdháil idirnáisiúnta aoisbhá, “Dul i nGleic le hAosú 2015 - Ollscoileanna mar innill i leith aosú gníomhach agus folláin” ar siúl

Thit an dara comhdháil amach “Dul i nGleic le hAosú 2018 - Críocha Nua an Taighde, an Bheartais agus an Chleachtais um Aosú” i Márta 2018 agus tá Bord Comhairleach nua Ollscoil Aoisbhá á fhorbairt faoi láthair.

### Staitisticí faoi Fhine Gall:




Torthaí HaPAI Fhine Gall

# Fócas Straitéiseach
# 6. Rannpháirtíocht Chathartha agus Fostaíocht
ar lean

## Oibriú go Deonach

- I bhFine Gall, déanann an cúigiú cuid de dhaoine obair dheonach ar a laghad gach mí (19%). Níl aon difríocht shuntasach ann idir aoisghrúpaí.  Astu siúd, déanann 11% obair dheonach uair sa tseachtain, ar a laghad.
- Tá seo níos ísle ná contaetha eile ina ndéanann 35% den aoisghrúpa 55-69 bliain d'aois agus 20% de dhaoine os cionn 70 bliain d'aois obair dheonach ar a laghad gach mí.
- Tá 67% sásta leis an réimse deiseanna atá ar fáil ach ní fios do 24% díobh (agus tá 9% míshásta). Ní raibh 11% díobh siúd sna haoisghrúpaí 55-69 bliain d'aois sásta leis an réimse deiseanna.
- Tá formhór na ndaoine sásta leis an am a caitheadh ag oibriú go deonach (83%), níl 9% sásta (ba mhaith le 7.8% a n-obair dheonach a mhéadú) agus ní fios do 7.3%. Is éagsúil atá seo ó limistéir eile ina raibh 64% sásta agus nach raibh ach 7% míshásta (níorbh fhios do 12%).

## Aiseolas ar Chomhairliúchán Poiblí

- Is mian le Fóram Seanóirí Fhine Gall a chinntiú go leanann glór na seanóirí a ndéanann siad ionadaíocht dóibh a bheith éagsúil agus is mian leo rannpháirtíocht níos fearr a spreagadh i measc na gceantar tíreolaíochta agus na n-earnálacha níos fairsinge
- Ní áirítear leis an gClár Gníomhachtaithe Cuimsithe Shóisialta agus Pobail (an CGCSP) daoine breacaosta mar spriocghrúpa
- Teastaíonn tacaíochtaí agus róil chomhordaithe ó ghrúpaí áirithe a bhféadfaí dul i ngleic leo trí chláir ghníomhachtaithe, ar nós Scéimeanna Fostaíochta Pobail
- Tá buairt mhéadaitheach faoi inbhuanaitheacht na seirbhíse cúram baile agus cineál dothuartha ciorrú seirbhíse sa limistéar seo.
- D'fhéadfadh cuideachtaí móra i limistéar Fhine Gall idirchaidreamh níos mó a dhéanamh le daoine breacaosta mar chuid dá bhfreagracht chorparáideach shóisialta agus eolas a bhailiú ar tháirgí agus seirbhísí aoisbháúla

## Fócas Straitéiseach

# 6. Rannpháirtíocht Chathartha agus Fostaíocht

ar lean

- Ba mhaith le daoine breacaosta a bhraistint go gcuirtear iad san áireamh níos mó sna cinntí a dhéantar ina gceantar áitiúil
- Bhrath daoine breacaosta go raibh gá ann go dtabharfadh níos mó oibrithe deonacha faoi chláir atá dírithe ar shaoránaigh bhreacaosta

**Spriocanna Straitéiseacha**

**10.** Lena chinntiú go leanann glór Sheanóirí Fhine Gall a bheith ag croílár Thionscnamh Aoisbhá Fhine Gall.


**12.** Leanúint ag tacú le deiseanna uasoiliúna do dhaoine breacaosta agus iad a chur chun cinn.

**13.** A chinntiú go leanann deiseanna a bheith ar fáil chun ionadaíocht a dhéanamh do dhaoine breacaosta ar ghrúpaí spéise agus struchtúir ar leith agus, nuair is féidir, barr feabhais a chur orthu.

**14.** Deiseanna oiriúnacha oibre deonaí a chur chun cinn do Sheanóirí Fhine Gall.

**15.** An clár Gnó Aoisbháúil a chur chun cinn.

# Seirbhísí Cathrach



## Fócas Straitéiseach

# 7. Cumarsáid agus Faisnéis

Baineann ríthábhacht le rochtain gan stró a bheith ar fhaisnéis ábhartha agus chruinn, a chuirtear i láthair ar bhealach atá éasca le húsáid, i measc saoránaigh bhreacaosta i ngach limistéar den saol. Tá ról lárnach le leanúint le ceangal a dhéanamh le himeachtaí agus le daoine agus faisnéis thráthúil, phraiticiúil a fháil chun an saol a bhainistiú agus riachtanais phearsanta a shásamh i dtaobh aosú gníomhach agus neamhspleách. Tá an tsochaí ag brath níos mó ar fhoirmeacha nua de chumarsáid. Tá soláthraithe seirbhíse ag aistriú ó sheirbhísí traidisiúnta a dhéanann teagmháil dhíreach leis an gcustaiméir i bhfabhar idirghníomhú ar líne. Tá fairsingiú mear ardáin na meán sóisialta ag teacht in ionad bealaí cumarsáide sa ghnó agus sa saol sóisialta.

Cé gur ghlac go leor saoránaigh bhreacaosta páirt sa rás digiteach, ní raibh beagnach 70% de dhaonra na hÉireann os cionn aois 65 bliain ar líne riamh (Aoisghníomhaíocht 2018). Tá tionchar á imirt ag digitiú méadaitheach na sochaí ar shaol seanóirí agus oifigí poist agus bainc á ndúnadh agus leathadh ag teacht ar thabhairt faoi sheirbhísí ar líne. Ar an taobh eile den phingin, léirigh úsáid an idirlín go mbaineann sé torthaí dearfacha amach a bhaineann le cúrsaí sóisialta agus sláinte do dhaoine breacaosta, braistint laghdaithe uaignis agus aonraithe i ndiaidh gur osclaíodh Críocha Nua ar líne (an Institiúid um Shláinte Phoiblí 2016)


Sa chomhthéacs seo, tá gá ann lena chinntiú go ndéantar ár saoránaigh bhreacaosta a éascú agus go dtacaítear leo ar bhealach a dhéanann an deighilt dhigiteach a dhruidim agus meas á léiriú go fóill ar a roghanna agus riachtanais. Ar an gcuma chéanna, is tábhachtach gan neamhaird a thabhairt ar an ngá atá le faisnéis a chur i láthair i bhformáid a fhreastalaíonn ar riachtanais ár saoránach breacaosta.

# Fócas Straitéiseach

# 7. Cumarsáid agus Faisnéis

ar lean

## Staitisticí faoi Fhine Gall



# Fócas Straitéiseach

## 7. Cumarsáid agus Faisnéis

ar lean

### Foinsí Faisnéise

- Is iad na príomhfhoinsí faisnéise do Sheanóirí Fhine Gall os cionn aois 70 bliain an Teilifís Náisiúnta 80%, Nuachtáin 67% agus an Raidió 62%.
- Faigheann 39% de dhaoine os cionn 70 bliain d'aois faisnéis ón idirlíon i gcomparáid le 51% san aoisghrúpa 55-69 bliain d'aois. Tá seo cosúil le limistéir eile ina bhfuil an bhearna níos fairsinge; úsáideann 52% den aoisghrúpa an t-idirlíon d'fhaisnéis agus níor bhain ach 22% an t-idirlíon i measc daoine os cionn 70 bliain d'aois.
- Úsáideann 52% an guthán póca chun faisnéis a fháil (difríocht aoise ar bith).

### Deacracht le faisnéis

- Tugann 10% de dhaoine le fios go mbíonn deacracht acu le faisnéis a fháil faoi imeachtaí nó gníomhaíochtaí áitiúla. Bíonn deacracht ag 12% le faisnéis a fháil ar chúram sláinte nó cúraim agus faoi theidlíochtaí sláinte.
- Rochtain ar fhaisnéis dóibh siúd 70 bliain d'aois agus níos sine
  - Bíonn deacracht ag 17% faisnéis a fháil faoi sheirbhísí sláinte nó teidlíochtaí sláinte,
  - Bhí deacracht ag 15% le faisnéis a fháil faoi chúram sláinte nó sóisialta,
  - Bhí deacracht ag 10% le faisnéis a fháil faoi theidlíochtaí eile, agus
  - Bhí deacracht ag 11% le faisnéis a fháil faoi imeachtaí nó gníomhaíochtaí áitiúla.

# 7. Cumarsáid agus Faisnéis

ar lean

**Aiseolas ar Chomhairliúchán Poiblí**

- Tá gá ann le treoir agus comhairle ar institiúidí airgeadais, baincéireacht, oidhreacht agus teidlíochtaí
- Chaill go leor saoránach a línte talún mar thoradh gur baineadh an liúntas gutháin ón bPacáiste Sochair Teaghlaigh.
- I gcomhthéacs brath méadaitheach ar chumarsáid dhigiteach agus ar líne sa tsochaí, tá gá ann le teagmháil aghaidh ar aghaidh a dhéanamh agus tacaíocht aghaidh ar aghaidh a thabhairt do ghrúpaí níos leochailí a bhfuil riachtanais chasta acu
- Tháinig easpa tacaíocht phraiticiúil TF bunaithe sa bhaile chun solais mar bhacainn shuntasach atá roimh an deighilt dhigiteach a dhruidim. Sainaithníodh riachtanais tacaíochta ar leith do thacaíocht a bhaineann le cúnamh le ríomhaire baile a shocrú, ceangail leathanbhanda, béarlagair TF, fabhtcheartú agus tacaíocht TF mar phríomhlimistéir ina dteastaíonn tacaíocht.
- D'fhéadfaí faisnéis phobail a scaipeadh ní b'fhearr ar bhealach níos neamhchasta. Sainaithníodh nuachtlitreacha mar an rogha is fearr.


TRAINING DAY
FINGAL
SEP 2018
ACORN
Cliffrun Media Ltd.

# Fócas Straitéiseach
# 7. Cumarsáid agus Faisnéis
ar lean

**PAn Dul Chun Cinn go dtí seo: Príomh-Bhuaicphointí**

Sholáthair an clár An Náisiún a Dhigitiú faoinar thug Seanóirí Fhine Gall lenar thacaigh Rannóg Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall oiliúint shoghluaiste TF do dhaoine breacaosta ar fud an chontae

Fochoiste Faisnéise agus Cumarsáide a bhunú chun feabhas a chur ar theacht ar fhaisnéis.

Cuireadh Treoir Faisnéise maidir le Seirbhís do Dhaoine Breacaosta le chéile do na Sceirí, an Ros agus Lusca, Baile Brigín, Domhnach Bat agus Port Reachrann, Sord, Mullach Íde, Binn Éadair, Cill Fhionntain agus Baile Dhúill, Baile Bhlainséir agus Caisleán Cnucha (Líonra Míchumais Fhine Gall)

D'fhorbair Fóram Seanóirí Fhine Gall Fóram, i gcomhoibriú le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Nuachtlitir do sheanóirí sa chontae a chuireann na seanóirí le chéile anois ar bhonn ráithiúil.

D'fháiltigh ionadaithe ó Fhóram Seanóirí Fhine Gall teicneolaíochtaí nua do líonrú trí bheith rannpháirteach ina gcéad seimineár gréasáin trasatlantacha d'eagraigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhar le hOllscoil Stát Arizona agus Cumann Rialtas Maricopa le daoine breacaosta in Phoenix, Arizona (2018)

## Fócas Straitéiseach

# 7. Cumarsáid agus Faisnéis

ar lean

Rinne Leabharlanna Fhine Gall trí cinn dá gcabhlach reatha leabharlanna taistil le feithiclí nua atá go hiomlán inrochtana agus bunaithe ar phrionsabail dearaidh aoisbháúil.

Cuireann Fóram Seanóirí Fhine Gall Seisiúin Faisnéise Bliantúil ar siúl do Sheanóirí atá deartha ag na seanóirí, do na seanóirí agus áirítear leis cuir i láthair ag cainteoirí ar limistéir ar spéis iad do shaoránaigh bhreacaosta, Cosc na Coireachta, Deontais Feabhsúchán Tí, Folláine, Meabhairshláinte etc. ina measc.

**Spriocanna Straitéiseacha**

**16.** Deiseanna a fhorbairt chun feabhas a chur ar chainéil chumarsáide idir soláthraithe seirbhíse agus daoine breacaosta i bhFine Gall.

**17.** Deiseanna a fhiosrú chun tacú le tionscnaimh oiriúnacha a chuireann deiseanna ar fáil do sheanóirí chun idirchaidreamh a dhéanamh le TFC agus Teicneolaíocht Chliste

# Fócas Straitéiseach
# 8. Tacaíocht Pobail agus Seirbhísí Sláinte

Baineann ríthábhacht le seirbhísí sláinte agus tacaíochta chun sláinte agus neamhspleáchas saoránach breacaosta sa phobal a chothú. Léiríodh in go leor de na saincheisteanna a thug daoine breacaosta, cúramóirí agus soláthraithe seirbhíse chun solais nuair a bhí an straitéis seo á hullmhú buarthaí a bhain le fáil a bheith ar chúram dóthanach, ar chaighdeán maith, cuí agus inrochtana. Leag daoine breacaosta béim ar an tábhacht shuntasach a bhaineann le seirbhísí cúram sláinte agus shóisialta ar chaighdeán maith agus inrochtana de réir mar a théann siad in aois.

Tá de chuspóir ag tionscnaimh sa limistéar seo rochtain a chur chun cinn ar sheirbhísí sláinte agus tacaíochta pobail oiriúnacha do Sheanóirí. Tá idirghabháil réamhghníomhach a thacaíonn le haosú folláin agus le haosú atá i bhfeidhm ailínithe go dlúth leis na limistéar seo, chomh maith.

**An Dul Chun Cinn go dtí seo: Príomh-Bhuaicphointí**

D'eascair tréimhsí laghdaithe san ospidéal agus scaoileadh ní ba thapúla ó leapacha géarchúraim in 2016-2017 as méadú ar phacáistí feabhsaithe cúram baile mar gheall ar Thionscnaimh Gheimhridh.

Oibríonn foireann thiomnaithe i gCathair agus Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh go dlúth leis na géarláithreáin le scaoileadh tráthúil a chinntiú ón ngéarláthair nuair is cuí, a thacaíonn le seachaint dul chun ospidéil agus le scaoileadh ón ospidéal.

Cuireadh leapacha breise cúraim idirthréimhsigh agus pacáistí breise cúram baile ar fáil i rith thréimhse an gheimhridh 2016-2017.



Ionad Cúraim Phríomhúil na Coirre Duibhe

## Fócas Straitéiseach

# 8. Tacaíocht Pobail agus Seirbhísí Sláinte
ar lean

Freastalaíonn ceithre Ionad Cúraim Phríomhúil ar Fhine Gall, a sholáthraíonn réimse fairsing de sheirbhísí ildisciplíneacha cúraim shóisialta agus meabhairshláinte, altranas sláinte poiblí, fisiteiripe, teiripe urlabhra agus teanga, síceolaíocht, obair shóisialta, cothú cliniciúil, seirbhísí meabhairshláinte, teiripe shaothair agus diaitéiteach ina measc

Trí Dheontais Alt 39, tacaíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le breis agus 80 eagraíocht a thugann faoi réimse seirbhísí tábhachtacha tacaíochta agus bunriachtanacha ar fud a bpobal, ar nós; cúram lae, cúram baile, seirbhísí faoisimh, béilí ar rothaí agus seirbhísí eile. Cuireann na tacaíochtaí seo ar chumas daoine breacaosta leanúint ag maireachtáil ina dtithe agus pobail féin gan bheith orthu aistriú chuig cúram cónaithe go réamhaibí.

Bunaíodh an Clár Cúraim Chomhtháite do Dhaoine Breacaosta (ICPOP) i mBaile Átha Cliath Thuaidh agus Ospidéal Beaumont chun cur chuige "comhcheangailte" a fhorbairt i leith soláthar seirbhíse, agus trí amhlaidh a dhéanamh, cuireadh feabhas ar chaighdeán agus leanúnachas an chúraim do dhaoine breacaosta inár bpobal.

Tá réimse fairsing gníomhaíochtaí curtha ar fáil ar fud an chontae ag Cláir Spóirt Fhine Gall do Dhaoine Fásta Breacaosta, an méid seo a leanas ina measc
- Cláir Shnámha do Dhaoine fásta Breacaosta
- Siúlaimis ('Let's Get Walking')
- Ceardlanna Galf Dhá Mhaide
- Sraith Chraobhchomórtas Galf Dhá Mhaide Fhine Gall agus Oirthear na Mí
- Clár Aclaíochta Bhothán na bhFear - Peil Siúil
- Ióga Cathaoireach

Clár Go for Life Aostacht agus Deiseanna;
- Fitline
- Cúrsa Oiliúna Ceannairí Gníomhaíocht Choirp
- Cluichí Go for Life


# Fócas Straitéiseach

## 8. Tacaíocht Pobail agus Seirbhísí Sláinte

ar lean



### Staitisticí faoi Fhine Gall



# Fócas Straitéiseach

# 8. Tacaíocht Pobail agus Seirbhísí Sláinte

ar lean

## Cúnamh leis an tSláinte

**Riachtanais tacaíochta luaineachta**
teastaíonn cabhair ó 17% de dhaoine aois 70+ bliain lena luaineacht phearsanta, b'ionann é seo i limistéir eile agus 15%.

**Riachtanais tacaíochta fódóireachta**
teastaíonn cabhair ó 24% de dhaoine aois 70+ bliain le fódóireacht (1.4% den aoisghrúpa níos óige), b'ionann é seo i limistéir eile agus 20%.

**Riachtanais chúraim phearsanta**
tá riachtanais chúraim phearsanta ag 19% de dhaoine os cionn 70 bliain (ach níl na riachtanais siúd ach ag 0.4% díobh siúd faoi 70 bliain). Is airde seo ná i gcontaetha eile, áit arb ionann an meán agus 10.5%

## Iompar Sláinte

- Tugann 58% de dhaoine fásta idir aois 55 agus 69 bliain agus 49% de dhaoine fásta aois 70+ bliain le fios go ndéanann siad 150 nóiméad de ghníomhaíocht choirp mheasartha sa tseachtain, ar a laghad. Is airde é seo ná an meán náisiúnta 53% san aoisghrúpa idir 55 agus 69 bliain d'aois agus 34% i measc daoine os cionn 70 bliain d'aois (TILDA 2014).
- Tugann 64% de dhaoine os cionn 70 bliain d'aois agus 29% díobh siúd idir 55 agus 69 bliain d'aois le fios go bhfuil breoiteacht fhadtéarmach orthu. I measc na ndaoine seo, tá 8% den aoisghrúpa os cionn 70 bliain d'aois agus 9% den aoisghrúpa idir 55 agus 69 bliain d'aois fíor-theoranta ina ngníomhaíochtaí laethúla mar gheall ar an bhfadhb sláinte seo.
- Tá 83% de dhaoine sásta leis na deiseanna do spórt/caitheamh aimsire ina limistéar. Tá 82% sásta. Níor dhóchúil go mbeadh daoine os cionn 70 bliain d'aois sásta (bhí 75% sásta)

# Fócas Straitéiseach

## 8. Tacaíocht Pobail agus Seirbhísí Sláinte

ar lean

- Téann thart ar 69% de dhaoine i bhFine Gall ag siúl ar mhaithe le caitheamh aimsire (siúlann 58% don tsláinte agus don aclaíocht)/ Siúlann 63% i gcontaetha eile ar mhaithe le caitheamh aimsire agus siúlann 65% ar mhaithe le haclaíocht agus an tsláinte.

**Aiseolas ar Chomhairliúchán Poiblí:**

- Léirigh daoine breacaosta gá le feasacht mhéadaithe agus treoir neamhchlaonta agus dhíreach a sholáthar maidir le teacht ar sheirbhísí sláinte, go háirithe maidir le Margadh Cothrom agus saincheisteanna a bhaineann le scor dochtúirí ginearálta/ cleachtais a dhúnadh
- Léirigh daoine breacaosta gur mhian leo béim níos mó a chur ar thacaíocht laistigh den phobal agus maireachtáil neamhspleách. Tugadh le fios go gcuirtear an iomarca béime ar chúram ospidéalbhunaithe
- Costas suntasach is ea costais pháirceála ag ospidéil
- Tá gá ann go bhfaigheann Cúramóirí tacaíocht oideachais i dtaobh riachtanais daoine breacaosta chun saincheisteanna cumarsáide agus difríochtaí cultúrtha a chomhrac

**Spriocanna Straitéiseacha**

**18.** Leanúint ag tacú le seirbhísí agus seirbhísí a fhorbairt a éascaíonn daoine breacaosta chun leanúint le maireachtáil laistigh dá bpobail, sa chás gur féidir.

**19.** Leanúint ag tacú le conairí cruthaitheacha nua agus tacú leo do dhaoine breacaosta agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht choirp.

**20.** Leanúint ag tacú le tionscnaimh agus iad a fhorbairt a chuireann le haosú folláin.

# Buíochas

Is mian le Comhaontas Aoisbhá Fhine Gall an comhoibriú agus an iarracht idirghníomhaireachta a aithint a thit amach nuair a bhí an straitéis seo á hullmhú. Ba cheart buíochas ar leith a ghabháil le Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, Paul Reid agus an Stiúrthóir Seirbhísí, Margaret Geraghty, dá gceannaireacht agus tacaíocht leanúnach leis an gclár seo.   Aithnítear, chomh maith, rannchuidiú Bhainisteoir Chlár Aoisbhá Fhine Gall, Naomi Weir agus foireann na Rannóige Pobail, Cultúir agus Spóirt i gComhairle Contae Fhine Gall.  Tá aitheantas ar leith tuillte ag tiomantas chomhaltaí an Chomhaontais Aoisbhá, agus cuirtear buíochas ar leith in iúl d'Aostacht agus Deiseanna dá gcúnamh nuair a bhí an tuarascáil seo á cur le chéile. Chinntigh rannpháirtíocht leanúnach Fhóram an-bhríomhar Seanóirí Fhine Gall agus a gCathaoirligh Treasa Byrne, le tacaíocht ón Oifigeach Pobail Sinsearach Louise Edmonds, go ndearnadh ionadaíocht do ghlór daoine breacaosta i bhFine Gall nuair a bhí an straitéis á forbairt. Tríd an bpróiseas seo, chuathas i gcomhairle le réimse an-fhairsing páirtithe leasmhara agus is mian linn buíochas a ghabháil leo as a ndíocas agus comhoibriú, go háirithe iad siúd a d'fhreastail ar agus a d'éascaigh na himeachtaí comhairliúcháin.  Ar deireadh, rinne Nora Owen cathaoirleacht ar Chomhaontas Aoisbhá Fhine Gall ó 2012 go 2018, le tacaíocht ó Eithne Mallin, iar-Bhainisteoir an Chláir Aoisbhá.  Is mian linn buíochas a ghabháil leo dá dtiomantas agus don tacaíocht a thug siad don chlár i rith a dtionachta. Táimid ag tnúth leis na chéad chúig bliana eile faoi mhaoirseacht Jim Glennon, Cathaoirleach nua Chomhaontas Aoisbhá Fhine Gall 2018.

# References


AGE Action 2018 Supporting Digital Literacy Among Older People

Healthy and Positive Aging Initiative (HaPAI) 2016

Healthy Ireland 2013 - 2025

Institute of Public Health 2016 Loneliness and Ageing: Ireland, North and South, Institute of Public Health

Listening to Older People: Experiences with Health Services 2015

National Carers Strategy 2012

National Dementia Strategy 2014

National Positive Aging Strategy 2013

Programme for Government 2011-2016

Putting People First 2012

Towards 2016

World Health Organisation 2007: Global Age Friendly Cities: A Guide

World Health Organisation 2015: World Population Ageing

World Health Organisation 2018: Age Friendly Environments in Europe


www.sourcedesign.ie

# Faisnéis Teagmhála

**Chun teacht ar bhreis eolais ar Chlár Aoisbhá Fhine Gall, déan teagmháil, le do thoil, le:**


Bainisteoir Chlár Aoisbhá Fhine Gal
Naomi Weir, Comhairle Contae Fhine Gall

| | |
|---|---|
| Guthán: | 01-8905000 |
| Ríomhphost: | naomi.weir@fingal.ie |
| Láithreán gréasáin: | www.fingal.ie |
| Sa phost: | Comhairle Contae Fhine Gall, Oifigí na Cathrach, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 |


**Chun teacht ar bhreis eolais ar Fhóram Seanóirí Fhine Gall**

Déan teagmháil, le do thoil, le Louise Edmonds, Comhairle Contae Fhine Gall


| | |
|---|---|
| Guthán: | 01-8905000 |
| Ríomhphost: | louise.edmonds@fingal.ie |
| Láithreán gréasáin: | www.fingal.ie |
| Sa phost: | Comhairle Contae Fhine Gall, Oifigí na Cathrach, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 |


Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

FINGAL
Age Friendly County